Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11070 – CHEMOURS INTERNATIONAL / FUMATECH / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 141/08)

1. An 13 Aibreán 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— The Chemours Company Inc. ("Chemours", Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— BWT FUMATECH Mobility GmbH ("Fumatech", an Ostair),

— JV (an Ghearmáin).

Gheobhaidh Chemours agus Fumatech rialú comhpháirteach ar an JV de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Déanann Chemours ceimiceáin feidhmíochta a tháirgeadh agus a sholáthar ar ionchuir iad ar tháirgí deiridh agus ar phróisis i réimse tionscal, lena n-áirítear bratuithe, cuisniúchán agus aerchóiriú, iompar, ríomhtháirgí leathsheoltóra agus tomhaltais, táirgí tionsclaíocha ginearálta, agus ola agus gás.

— Tá Fumatech gníomhach i monaraíocht scannán agus i dtógáil gléasraí i réimse na teicneolaíochta breosla-chille agus scannán le haghaidh cóireála uisce agus tuaslagán próisis.

3. Beidh an Comhfhiontar gníomhach i bhforbairt, táirgeadh agus díolachán scannán breosla-chille hidrigine agus scannán taisire le haghaidh córas breosla-chille san earnáil iompair.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11070 – CHEMOURS INTERNATIONAL / FUMATECH / JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË